

### Fáiltiú an Chathaoirligh:

Cuir baill an bhoird agallaimh in aithne don iarratasóir agus mínigh leagan amach an agallaimh. Deimhnigh an cineál folúntais agus dáta tosaithe an ról leis an iarratasóir.

#### Ceist Riachtanach:

#### Níl ceist riachtanach ann do phost freagrachta

### 1. Tús Eolais, Ceannaireacht ar Fhoghlaim agus ar Theagasc:

- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh an ról seo?
- Cé na láidireachtaí agus na laigí atá agat?
- Cén caighdeán Gaeilge atá agat?
- Inis dúinn faoi aon bhua speisialta atá agat. Conas a d'úsáidfeá an bua/scil seo chun cur leis an bhfoghlaim ar scoil?
- An bhfuil aon chúrsaí breise déanta agat a chabhródh leat i bpost freagrachta?
- An mbeifeá toilteanach tabhairt faoi chúrsaí a bheadh feiliúnach don ról?
- Cén réimse a bhainfeá tairbhe as tuilleadh traenála ann?
- Inis dúinn faoi do ghairm bheatha go dáta, ag díriú go speisialta ar aon taithí atá agat ar cheannaireacht a ghlacadh ar fhoghlaim agus ar theagasc sa scoil.
- An bhféadfá ar a laghad 3 chúis a thabhairt dúinn gur chuir tú isteach ar an bpost seo.
- Tá liosta na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost seo faighte agat. Conas a dhéanfá na dualgais sin a chomhlíonadh agus cén ord tosaíochta a bheadh agat & tú ag bainistiú na ndualgas?
- Cad é do mheon faoi fhreagracht a ghlacadh ag réiteach faidhbe seachas ag dul chuig an bPríomhoide nó Leas-Phríomhoide ag lorg freagra?

### 2. Bainistíocht:

- Céard í an fhadhb is mó ar chas tú léi agus tú ag múineadh? Cén buntáiste an taithí sin do bhainistíocht scoile?
- Cé na rudaí a bheifeá ag díriú orthu leis an mbainistíocht is fearr a chinntiú?
- Cén taithí atá agat ag plé le cúrsaí bainistíochta?
- An bhféadfá a insint dúinn faoin taithí praiticiúil atá agat ar bhainistiú laistigh den scoil.
- An bhfeiceann tú aon dúshlán duit féin agus tú ag iarraidh an ról seo a chomhlíonadh?
- Má bhíonn fadhb nó ceist agat, cad a dhéanfá?
- Conas a théann tú i ngleic le coimhlint?
- Cén tuiscint atá agat ar rúndacht?
- Conas a chinnteofá go mbeidh bainistíocht ama i gceart agat agus nach gcuirfidh na dualgais bhreise seo isteach ar do phost mar mhúinteoir?

### 3. Ceannaireacht ar Fhorbairt Scoile:

- Gné rí-thábhachtach de dualgais agus freagrachtaí comhroinnte Foireann bainistíochta Inscoile is ea cur chun cinn agus daingniú fíis agus éiteas na scoile agus tacú le forbairt oideachasúil, spioradálta, mórálta agus cultúrtha daltaí uile na scoile. Conas mar a dhéanfaí agus fíis agus éiteas na scoile a chur chun cinn?
- Cén chaoi a gcoinneofaí taifead de do chuid oibre?
- Cé leis a bheifeá freagrach ar deireadh thiar thall?
- Cad é i do thuairim an príomhchúram ar fhorbairt scoile a bheadh ort agus tú ag obair sa ról seo?

### 4. Acmhainn Cheannaireachta a Fhorbairt:

- Cad iad na dúshláin a sheasfadh romhat agus tú sa phost seo? An mbeadh brú ann?
- An bhféadfá a insint dúinn cén tuiscint atá agat ar an bPróiseas Droichead agus aon smaointe atá agat maidir le conas a thabharfaí faoin bpróiseas sin a threorú agus a chomhordanú.
- Cén forbairt ghairmiúil /cúrsaí ceannaireachta, más ann dóibh, gur mhaith leat nó go go mbeadh gá agat leo dá gceapfaí thú sa phost seo?
- Inis dom faoin dúshlán is mó a bhí agat ar scoil. Cad a tharla & cad a rinne tú?
- Cá mbeidh tacaíochtaí ar fáil duit agus tú ag socrú isteach sa phost seo?
- Dá mbeadh fadhb ag múinteoir ar an bhfoireann le do chur chuige, cad a dhéanfaí faoi?

### Críoch:

- An bhfuil aon cheist agat féin nó an bhfuil aon rud eile gur mhaith leat a rá linn?